| RABHADH<br>Ní mór an roinn seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar, nó caillfear marcanna. | Scrúduimhir an Iarrthóra |
|---|---|

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2001**

# STAIDÉAR GNÓ – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR I

# ROINN A

**(80 Marc)**

DÉ CÉADAOIN, 13 MEITHEAMH 2001 – MAIDIN, 9.30 r.n. – 12.00

**Freagair na 20 ceist ar fad. Tá 4 mharc ag dul do gach ceist. Is ceadmhach áireamhháin a úsáid.**

**1.** Ainmnigh **DHÁ** phíosa eolais a thugtar ar lipéad earra bhia.

(a) ______________________________

(b) ______________________________

**2.** Roghnaigh an focal/téarma cruinn ón liosta seo a leanas chun an abairt thíos a chomhlánú.

**lógó, fógrán, ainm branda, spriocmhargadh**

Is é is Nike ann ná ____________________ i bhfeisteas spóirt.

**3.** Sna spásanna atá ann dóibh, scríobh ainmneacha na n-airgeadraí a úsáidtear sna tíortha seo a leanas.

| Tír | Airgeadra |
|---|---|
| An Danmhairg | |
| An tSeapáin | |
| An Ríocht Aontaithe | |
| An Phortaingéil | |

**4.** Liostaigh **DHÁ** bhuntáiste atá le hiompar ar bhóthar.

(a) ______________________________

(b) ______________________________

**THALL**

**5.** Thaispeáin Cuntas Brabúis agus Caillteanais cuideachta don bhliain go raibh caillteanas ÉIR£7,600 ann. Fuarthas amach ina dhiaidh sin go raibh ceannach Foirgneamh ÉIR£100,000 curtha isteach go mícheart mar chaiteachas sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais.

Cuir tic (✔) sa bhosca cuí thíos chun an figiúr ceart do Bhrabús agus do Chaillteanas a thaispeáint.

Brabús ÉIR£107,600 ☐ Caillteanas ÉIR£107,600 ☐

Brabús ÉIR£92,400 ☐ Caillteanas ÉIR£92,400 ☐

**6.** Taispeáin cé mar a dhéanfaí an beart seo a leanas a thaifeadadh i mórleabhar Vintage Cars Teo., garáiste.

Cheannaigh Vintage Cars Teo., fótachóipire ar cairde ó Jones Teo.

Dochar ______________________________

Sochar ______________________________

**7.** Roghnaigh na focail chearta ón liosta seo a leanas chun an abairt thíos a chomhlánú.

**nótaí creidmheasa, sonraisc, cheannaíomar, dhíolamar**

Chuir ár gcreidiúnaithe ________________ chugainn mar ______________ earraí ar cairde.

**8.** Bhí an cuntas seo a leanas i mórleabhar Brickco Teo.

| **Dr** | | **Cuntas Innealra** | | | **Sr** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Dáta** | **Sonraí** | **ÉIR£** | **Dáta** | **Sonraí** | **ÉIR£** |
| Eanáir 1 | Iarmhéid t/a | 186,000 | | | |
| Bealtaine 5 | Banc | 90,000 | | | |

Comhlánaigh na habairtí thíos chun na hiontrálacha sa chuntas a mhíniú.

Ar Eanáir 1, is éard a rinne Brickco Teo ná ______________________________

______________________________

Ar Bealtaine 5, is éard a rinne Brickco Teo ná ______________________________

______________________________

**THALL**

**9.** Cuir tic (✔) chun a thaispeáint an bhfuil an ráiteas seo a leanas fíor nó bréagach maidir leis na hinfheistíochtaí a liostáiltear thíos.

Tá DIRT iníoctha ar an ús a fhaightear ar na hinfheistíochtaí seo a leanas atá ar fáil ó An Post.

| | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|
| Bannaí Coigiltis | ☐ | ☐ |
| Teastais Choigiltis | ☐ | ☐ |

**10.**

| **Clár Comhardaithe mar a bhí 31 Nollaig, 2000** | | |
|---|---|---|
| | **ÉIR£** | **ÉIR£** |
| Sócmhainní Seasta .......... | ................................. | 360,000 |
| Sócmhainní Reatha.......... | 100,000 | |
| Fiachais Reatha .............. | 60,000 | |
| | | 40,000 |
| | | 400,000 |
| Maoinithe ag | Scairchaipiteal<br>Scairchaipiteal Eisithe | Údaraithe<br>Scairchaipiteal Eisithe |
| Gnáthscaireanna .............. | 250,000 | 200,000 |
| Cúlchistí Ioncaim ............ | ................................. | 80,000 |
| | | 280,000 |
| Iasacht fhadtéarmach....... | ................................. | 120,000 |
| | | 400,000 |

(a) Cad é an figiúr do Chaipiteal Oibre? **Freagra** ÉIR£

(b) Cad é an figiúr do Thuilleamh Coimeádta? **Freagra** ÉIR£

**11.** Ainmnigh Cuideachta/Eagraíocht Stáit a bhfuil lámh aige sna himeachtaí seo a leanas.

1. Táirgeacht ____________________

2. Oiliúint ____________________

**12.** Cuir tic (✔) leis an mbosca cuí chun a thaispeáint cé acu a bhfuil na ráitis seo a leanas fíor nó bréagach.

| | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|
| (a) Is é an Bord Stiúrthóirí a shocraíonn cé na dibhinní a íoctar le scairshealbhóirí. | ☐ | ☐ |
| (b) Is cuid de chuntais deiridh cuideachta é Leabhar an Airgid. | ☐ | ☐ |

**THALL**

**13.** Comhlánaigh an chairt thíos, a rianaíonn taifeadadh beartanna gnó trí leabhair agus cuntais ghnólachta, ag scríobh na gcéimeanna cuí sna spásanna bána ag A agus B.

**Doiciméid Foinse**

↓

**A:**

↓

**Mórleabhar Cuntas**

↓

**Comhardú Trialach**

↓

**B:**

**14.** Taispeáin an bhfuil na foirmeacha cumarsáide seo a leanas **Ó BHÉAL**, **SCRÍOFA** nó **AMHARCACH.** Cuir tic (✔) sa bhosca is oiriúnaí i ngach cás.

| FOIRM | Ó BHÉAL | SCRÍOFA | AMHARCACH |
|---|---|---|---|
| Cruinnithe | | | |
| Barrachairteanna | | | |
| Teileafón | | | |
| Faics | | | |

**15.** Más é an ráta malairte ÉIR£1 = $1.10, cé mhéad a gheobhfá dá dtiontófá $1,430 go puint Éireannacha?

**Freagra** ÉIR£

**Oibriúcháin**

**16.** Cé acu ceann de na doiciméid ghnó seo a leanas a chuirfeá chuig custaiméir chun sonraí bhearta an chustaiméara le do ghnólacht le linn tréimhse áirithe a thaispeáint?

Cuir tic (✔) sa bhosca ceart.

Nóta Dochair ☐ Nóta Sochair ☐

Ráiteas ☐ Sonrasc ☐

**THALL**

**17.** Liosta de théarmaí gnó atá **i gColún 1.** Liosta de na mínithe a d'fhéadfadh a bheith ar na téarmaí sin atá **i gColún 2**.

Meaitseáil an dá liosta tríd an litir atá leis an míniú ceart a chur faoin uimhir chuí thíos. (Tá míniú amháin ann nach mbaineann le téarma ar bith díobh.)

| **Colún 1 - Téarmaí** | **Colún 2 – Mínithe a d'fhéadfaí a thabhairt** |
|---|---|
| 1 Forchostais | **A** Airgead dlite don bhanc. |
| 2 Róth____áille | **B** Foinse sheasta airgeadais. |
| 3 Rótharraingte | **C** Nuair nach mbíonn caipiteal oibre ag gnólacht. |
| 4 Róthrádáil | **D** Costais riartha an ghnó. |
| | **E** Ag íoc níos mó ná an praghas a luadh. |

| 1 | 2 | 3 | 4 |
|---|---|---|---|
| | | | |

**18.** Comhlánaigh an Cuntas Cíosa thíos don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2000, ag taispeáint an tsuim airgid a aistríodh go dtí na Cuntais Deiridh ar an dáta sin.

**<u>Nóta</u>** Níl aon chíos dlite nó réamhíoctha ag deireadh na bliana.

| **Dr** | | **Cuntas Cíosa** | | | | | **Sr** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Dáta** | **Sonraí** | **F** | **ÉIR£** | **Dáta** | **Sonraí** | **F** | **ÉIR£** |
| 1/3/00 | Banc | LA | 1,100 | 1/1/00 | Iarmhéid | t/a | 200 |
| 1/10/00 | Airgead Tirim | LA | 300 | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |

**THALL**

**19.** Cuir tic (✔) sa bhosca cuí chun a thaispeáint cé acu ceann díobh seo a leanas an fhoirmle cheart chun Láimhdeachas Stoic a áireamh.

(a) $\frac{\text{Láimhdeachas}}{\text{Stoc Meánach}}$ ☐

(b) $\frac{\text{Olldíolacháin}}{\text{Stoc Meánach}}$ ☐

(c) $\frac{\text{Costas Díolachán}}{\text{Stoc Tosaigh + Stoc Deiridh}}$ ☐

(d) $\frac{\text{Costas Díolachán}}{\text{Stoc Meánach}}$ ☐

**20.** Cuir tic (✔) leis an mbosca cuí chun a thaispeáint cé acu ceann de na ráitis seo a leanas atá fíor nó bréagach.

| | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|
| (a) Scríobhtar na litreacha "Teo" i ndiaidh ainmneacha cuideachtaí poiblí. | ☐ | ☐ |
| (b) Is é a chuimsíonn an Meabhrán Comhlachais ná na rialacha a bhaineann le déileálacha cuideachta le dreamanna ón taobh amuigh. | ☐ | ☐ |

**THALL**

**Doiciméad le húsáid le Ceist 1. (A) i Roinn B.**

**1. (A) Ráiteas Comparáide Buiséid Mhuintir Dhúill don Bhliain 2000.**

| ***Ioncam*** | **Buiséad ÉIR£ Ean - Nol** | **Iarbhír ÉIR£** | **Difríocht ÉIR£** |
|---|---|---|---|
| Tuarastail | 18,000 | | |
| Sochar Leanaí | 960 | | |
| Ús | 150 | | |
| Eile | — | | |
| **Ioncam Iomlán** | 19,110 | | |
| ***Caiteachas*** | | | |
| **Seasta** | | | |
| Morgáiste | 4,320 | | |
| Árachas Gluaisteáin | 397 | | |
| Árachas Tí | 170 | | |
| **Fo-Iomlán** | 4,887 | | |
| **Neamhrialta** | | | |
| Costais Teaghlaigh | 7,504 | | |
| Bróga agus Éadaí | 1,740 | | |
| Costais Chairr | 1,500 | | |
| Solas agus Teas | 1,800 | | |
| Speansais Leighis | 200 | | |
| **Fo-Iomlán** | 12,744 | | |
| **Roghnach** | | | |
| Siamsaíocht | 1,000 | | |
| Bronntanais | 200 | | |
| **Fo-Iomlán** | 1,200 | | |
| **Caiteachas Iomlán** | 18,831 | | |
| **Airgead Glan: Barrachas/Easnamh** | 279 | | |

**THALL**

**Le húsáid le Ceist 1. (B) i Roinn B**

**1. (B)** (i) An raibh Barrachas nó Easnamh ag muintir Dhúill i ndeireadh na bliana? Cad é an figiúr a bhí ann?

**Freagra** ________________________________________________

(ii) Cé mhéad airgid a bhí i gceist ag muintir Dhúill a chur i dtaisce i rith na bliana?

**Freagra ÉIR£**________________________________________________

(iii) Cé mhéad sa bhreis, thar a gcaiteachas buiséadaithe, a chaith siad?

**Freagra ÉIR£**________________________________________________

(iv) Cén fíor-iarmhéid airgid tirim a bhí acu i ndeireadh na bliana?

**Freagra ÉIR£**________________________________________________

**Doiciméad le húsáid le Ceist 1. (C) i Roinn B**

Dáta ____________________
00475

| | | |
|---|---|---|
| Pá | | |
| Iarmhéid t/a | ÉIR£3,726 | 00 |
| Lóisteáil | | |
| An seic seo | | |
| Iarmhéid t/s | | |

Banc na hÉireann Dáta ____________ 90-01-13

ÁTH THROIM, CO. NA MÍ

Íoc le ______________________________________________ nó ordaigh

________________________________________

________________________________________ ÉIR£

MÍCHEÁL Ó DÚILL

00475 900113 3395134

**THALL**

**Le húsáid le Ceist 3. (B) i Roinn B.**

(i)

| Dr | | | Leabhar Airgid/Cuntas Bainc | | | Sr |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Dáta** | **Sonraí** | **ÉIR£** | **Dáta** | **Sonraí** | **Uimh. Seic** | **ÉIR£** |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |

(ii)

| Ráiteas Imréitigh Bainc ar 30 Aibreán 2001 | | |
|---|---|---|
| | **ÉIR£** | **ÉIR£** |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

**NÁ DEARMAD AN ROINN SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

1037

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2001

# STAIDÉAR GNÓ – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR I

# ROINN B

**(160 Marc)**

DÉ CÉADAOIN, 13 MEITHEAMH 2001 – MAIDIN, 9.30 r.n. – 12.00

Tá na ceisteanna uile ar aon mharc. **CEITHRE** cheist ar bith le freagairt.
Bronnfar marcanna ar leagan amach agus ar chur i láthair mar aon le, nuair is cuí, Fóilióna agus Dátaí a thaispeánfaidh an lá an mhí agus an bhliain. Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

1. **Freagair GACH roinn. Is ceist faoi Bhuiséad Teaghlaigh í seo.**

Nuair a sheiceáil muintir Dhúill a Leabhar Airgid Miondealaithe i ndeireadh Mhí na Nollag, 2000, fuair siad amach go raibh difríocht idir a n-ioncam agus a gcaiteachas iomlán don 12 mhí agus na figiúirí buiséadaithe (atá sa Ráiteas Comparáide Buiséid ag deireadh Roinn A, leathanach 7) mar gheall orthu seo a leanas:

- bhí ardú 10% ar a gcuid tuarastal ó 1 Iúil.
- bhí ardú ÉIR£10 sa mhí i sochar leanaí ó 1 Aibreán do gach duine den bheirt leanbh sa teaghlach.
- bhí an t-ús a fuarthas ÉIR£37 níos lú ná mar a bhí buiséadaithe.
- bhí saoire buaite acu i SAM nach raibh uathu agus dhíol siad é ar ÉIR£1,200.
- bhí ardú ÉIR£55 sa mhorgáiste in aghaidh na míosa ó 1 Márta agus ardú eile de ÉIR£25 in aghaidh na míosa ó 1 Samhain.
- bhí a mbónas cheal éilimh de ÉIR£240 ar árachas gluaisteáin caillte acu de dheasca timpiste i rith na bliana.
- bhí ardú 20% thar mar a bhí buiséadaithe ar chostais árachais tí.
- bhí costais teaghlaigh $12^1/_2$% níos lú ná mar a bhí buiséadaithe.
- bhí ÉIR£ 1,635 ar chostas bróg agus éadaí san iomlán.
- bhí a ngluaisteán athraithe acu agus dá bhrí sin, bhí méadú de ÉIR£4,270 ar chostais gluaisteáin thar mar a bhí buiséadaithe.
- Rinneadh coigilt de 8% san bhuiséad solas agus teas.
- an t-aon speansais leighis don bhliain a bhí ann ná costais chógasaíochta de ÉIR£25 in aghaidh na míosa do thrí mhí dheireanacha na bliana.
- bhí meánchostais ÉIR£60 in aghaidh na míosa ar chostais shiamsaíochta.
- Bhí ÉIR£20 níos lú ar bhronntanais ná mar a bhí buiséadaithe.

**(ar lean. ar an gcéad leathanach eile)**

**THALL**

**1. (A)** Ag baint úsáide as an **Ráiteas Comparáide Buiséid**, a chuirtear ar fáil ar **Roinn A, leathanach 7**, cuir isteach na figiúirí cuí sa cholún **'Iarbhír'**.

Ansin, taispeáin na difríochtaí idir na figiúirí **'iarbhír'** agus na figúirí **'buiséad'** tríd an gcolún **'Difríocht'** a chomhlánú.

**Cuir <u>comhartha móide nó lúide</u> os comhair gach figiúir sa cholún sin.**

Nóta: Bain úsáid as an gcomhartha móide má tá 'iarbhír' NÍOS MÓ ná an figiúr sa 'bhuiséad'.
Bain úsáid as an gcomhartha lúide má tá 'iarbhír' NÍOS LÚ ná an figiúr sa 'bhuiséad'.

**Sampla:**

| | **Buiséad** | **Iarbhír** | **Difríocht** |
|---|---|---|---|
| | 430 | 480 | + 50 |
| | 780 | 710 | – 70 |
| Iomlán | 1,210 | 1,190 | – 20 |

(22)

**1. (B)** Freagair na ceisteanna seo a leanas sna spásanna atá ann dóibh ar **Roinn A, leathanach** 8.

(i) An raibh Barrachas nó Easnamh ag muintir Dhúill i ndeireadh na bliana? Cad é an figiúr a bhí ann?

(ii) Cé mhéad airgid a bhí i gceist ag muintir Dhúill a chur i dtaisce i rith na bliana?

(iii) Cé mhéad sa bhreis, thar a gcaiteachas buiséadaithe, a chaith siad?

(iv) Má bhí iarmhéid tosaigh airgid tirim de ÉIR£2,000 ag muintir Dhúill ar an 1 Eanáir 2000, cad é an fíor-iarmhéid airgid tirim a bhí acu i ndeireadh na bliana. (8)

**(C)** Nuair a cheannaigh muintir Dhúill a ngluaisteán ó Tara Motors Teo., ar 26 Márta 2000, d'íoc Mícheál Ó Dúill as trí seic ar ÉIR£4,000 a scríobh. Chrosáil sé an seic chun go mbeadh sé chomh sábháilte agus ab fhéidir.

Comhlánaigh an seic agus an comhdhuille le haghaidh an íocaíocht seo ar **Roinn A, leathanach 8.**
(10)

**(40 marc)**

**THALL**

**2.** **Freagair GACH roinn. Ceist faoi Árachas í seo.**

Thit teachín in iarthar na hÉireann le hoidhreacht do mhuintir Shúilleabháin, Leamhchán Co. Bhaile Átha Cliath. Bhí sé ar intinn acu é a úsáid le haghaidh laethanta saoire agus é a chur ar cíos do thurasóirí i rith mhíonna an tsamhraidh.

Chuaigh siad chun cainte le **bróicéir** a chuirfeadh comhairle orthu faoin leibhéal cumhdaigh chuí. Nuair a bhí **an fhoirm thogra** á comhlánú acu, níor luaigh muintir Shúilleabháin go raibh an teachín suite cois abhann agus go raibh sé faoi uisce ó am go chéile, ar eagla go gcuirfí ualú ar an **bpréimh.**

**(A)** (i) Mínigh na trí théarma a bhfuil líne fúthu thuas. (12)

(ii) Cén fáth a gcuirtear lódáil i bhfeidhm i gcásanna árachais áirithe? (4)

**(B)** Bhí muintir Shúilleabháin chun an teachín a chur faoi árachas ÉIR£100,000 in aghaidh gach riosca ach ba í an chomhairle a thug an bróicéir ná go mbeadh sé faoi iomarca árachais agus go gcuirfí prionsabal na slánaíochta i bhfeidhm dá dtarlódh go ndéanfaí aon damáiste dó.

(i) Mínigh cad is brí le 'prionsabal na slánaíochta'. (4)

(ii) Ainmnigh an prionsabal árachais a bhí á shárú acu nuair nár tugadh na fíricí iomlána faoin teach ar an bhfoirm thogra. (2)

**(C)** Tá gluaisteán an duine ag Mac Uí Shúilleabháin agus ag Bean Uí Shúilleabháin. Tá cumhdach árachais **Cuimsitheach** aici fad is atá Árachas **Tríú Páirtí, Dóiteáin agus Gadaíochta,** aigesean. Tar éis dósan timpiste a bheith aige an bhliain seo caite, chaill sé a **bhónas cheal éilimh**.

(i) Mínigh an dá shaghas polasaí a luaitear thuas. (6)

(ii) Cad is brí leis an téarma **bónas cheal éilimh**? (3)

(iii) Cén t-ainm a thugtar ar an oifigeach árachais a mholann an cúiteamh is cóir a íoc? (3)

(iv) Ainmnigh **DHÁ** fhachtóir a mbeadh tionchar acu ar mhéid na préimhe do chumhdach árachais gluaisteáin. (6)

**(40 marc)**

**THALL**

**3.** **Freagair GACH roinn. Ceist Bhaincéireachta í seo.**

Tá cuntas ag Sorcha Ní Mhathúna le Banc Aontas Éireann ctp. Fuair sí an Ráiteas Bainc seo a leanas ar an 2 Bealtaine 2001.

**Ráiteas Cuntais**

**Banc Aontas Éireann plc**
**Dún Garbhán**
**Co. Phort Láirge**

Cód Craoibhe 93-21-33

Sorcha Ní Mhathúna
Lios Carraige
Dún Garbhán

Uimh. Chuntais 3965428
Dáta: 1 Bealtaine 2001

| Dáta | Sonraí | | Dochar ÉIR£ | Sochar ÉIR£ | Iarmhéid ÉIR£ |
|---|---|---|---|---|---|
| 2001 | | | | | |
| 1 Aibreán | Iarmhéid ar aghaidh | | | | 579 |
| 3 Aibreán | Seic | 82 | 321 | | 258 |
| 5 Aibreán | UMB Cluain Meala | | 80 | | 178 |
| 8 Aibreán | Paypath | | | 863 | 1,041 |
| 12 Aibreán | Seic | 85 | 217 | | 824 |
| 13 Aibreán | Buanordú- Éire Nua | | 420 | | 404 |
| 15 Aibreán | Aistriú Creidmheasa | | | 29 | 433 |
| 17 Aibreán | Táillí Bainc | | 5 | | 428 |
| 18 Aibreán | Seic | 84 | 819 | | 391 DR |
| 20 Aibreán | Seic | 83 | 36 | | 427 DR |
| 22 Aibreán | Paypath | | | 863 | 436 |
| 23 Aibreán | Dochar díreach –BSL | | 72 | | 364 |
| 27 Aibreán | Seic | 86 | 120 | | 244 |
| 30 Aibreán | Ús | | 2 | | 242 |

**(A)** Scrúdaigh an Ráiteas Bainc seo agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

(i) An cuntas taisce nó cuntas reatha é seo?
Tabhair cúis le do fhreagra. (3)

(ii) Cén fáth nach bhfuil na seicuimhreacha de réir oird? (3)

(iii) Mínigh an beart ar 5 Aibreán. (3)

(iv) Cé mar a bhí cúrsaí airgeadais Shorcha sa bhanc ar 18 Aibreán? (3)

(v) Cén fáth a bhfuil 'ús'ar an Ráiteas ar 30 Aibreán? (3)

(vi) Mínigh cé mar a oibríonn Dochar Díreach. (3)

**(ar lean ar an gcéad leathanach eile)**

**THALL**

**(B)** Tugtar taifead Shorcha féin ar a bearta bainc thíos. Déan comparáid idir a Leabhar Airgid/Cuntas Bainc agus an Ráiteas Bainc a fuair sí agus freagair (i) agus (ii) thíos sna spásanna atá ann dóibh ag bun **Roinn A, leathanach 9.**

| **Dr** | | | | **Leabhar Airgid/Cuntas Bainc** | | **Sr** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Dáta** | **Sonraí** | **ÉIR£** | **Dáta** | **Sonraí** | **Seic Uimh.** | **ÉIR£** |
| Aibreán | | | Aibreán | | | |
| 1 | Iarmhéid t/a | 579 | 1 | Teilifís Nua | 82 | 321 |
| 8 | Pánna | 863 | 5 | Earraí Grósarireachta-UBM | | 80 |
| 28 | Duais Lotó | 500 | 7 | Siamsaíocht | 83 | 36 |
| 30 | Iarmhéid t/s | 23 | 8 | Garáiste Mhic Gabhann | 84 | 819 |
| | | | 9 | Ola | 85 | 217 |
| | | | 20 | BSL – DD | | 72 |
| | | | 24 | Earraí Grósaeireachta | 86 | 120 |
| | | | 29 | Siopa Mhuintir Hall | 87 | 300 |
| | | 1,965 | | | | 1,965 |
| | | | Bealtaine 1 | Iarmhéid t/a | | 23 |

(i) Déan pé coigeartaithe is gá do Leabhar Airgid / Cuntas Bainc Shorcha chun a cuid taifead a thabhairt suas chun dáta. (14)

(ii) Déan Ráiteas Imréitigh Bainc a ullmhú do 30 Aibreán 2001. (8)

**(40 marc)**

**THALL**

**4.** **Freagair GACH roinn. Ceist í seo faoi Airgeadas Rialtais.**

Chuir Aire Airgeadais na figiúirí seo a leanas ar fáil ar Lá an Bhuiséid mar réamh-mheastachán don bhliain 2002.

| **Príomh-ghnéithe Ioncaim agus Caiteachais** | **Figiúirí measta i milliúin ÉIR£** |
|---|---|
| Sláinte & Leas Sóisialta | 275 |
| ÍMAT | 338 |
| Oideachas & Eolaíocht | 166 |
| Dleacht Chustaim | 18 |
| CCUCT (DIRT) | 73 |
| Dleacht Mháil | 129 |
| Cosaint | 49 |
| CBL | 144 |
| Seirbhísiú Fiachais | 138 |
| Talmhaíocht | 76 |
| Cáin Chorporáide | 57 |

**(A)** Ón eolas thuas, dréachtaigh an Buiséad Náisiúnta do 2002.
An Buiséad Barrachais nó Buiséad Easnaimh é an buiséad seo? (16)

**(B)** Tabhair sampla **AMHÁIN** de chaiteachas caipitil de chuid

(i) an Roinn Sláinte agus Leanaí; (3)

(ii) An Roinn Oideachais agus Eolaíochta. (3)

**(C)** Luaigh an tAire Airgeadais in óráid an Bhuiséid go gcaithfeadh gach Roinn Rialtais fanacht laistigh dá dteorainneacha buiséadaithe de dheasca **ganntanas acmhainní**. Dúirt sé go raibh **deischostas** i gceist le gach gné chaiteachais agus le cur dul chun cinn aon tionscadail ar leith.

Mínigh cad a bhí i gceist leis an Aire le **GACH** ceann de na téarmaí thuas a bhfuil líne fúthu. (6)

**(D)** Mol **DHÁ** thionchar a bheadh ag gach ceann díobh seo a leanas ar an mBuiséad Náisiúnta.

(i) ardú sa ráta breithe; (6)

(ii) ísliú sa ráta dífhostaíochta. (6)

**(40 marc)**

**THALL**

**5.** **Freagair GACH roinn. Ceist í seo faoi Chuntas Club.**

Bunaíodh Club Sléibhteoireachta Chnoc Breac ar an 1 Bealtaine 2000. Toghadh oifigigh ag céad chruinniú an chlub.

Bhí na bearta airgeadais seo a leanas ag an gClub sa chéad bhliain go dtí 30 Aibreán 2001.

| | ÉIR£ |
|---|---|
| ***Íocaíochtaí*** | |
| Árachas ................................................ | 2,714 |
| Cíos ..................................................... | 1,275 |
| Ceannach Trealaimh ............................... | 3,400 |
| Ceannacháin Chaintín ............................. | 2,647 |
| Costais Taistil ......................................... | 1,688 |
| Teileafón ............................................... | 493 |
| ***Fáltais*** | |
| Síntiúis ................................................... | 2,418 |
| Ioncam Raifil .......................................... | 3,786 |
| Díolacháin Chaintín ................................ | 8,193 |
| Bailiúchán Lae Bhrataigh ....................... | 1,959 |

Tá an t-eolas breise seo a leanas ar fáil i ndeireadh na bliana airgeadais:

(i) Bille Teileafóin ÉIR£84 dlite.

(ii) Cíos réamhíoctha ÉIR£350.

(iii) Síntiúis réamhíoctha ÉIR£180.

(iv) Dímheas 15% ar Threalamh.

(v) Stoc Caintín ÉIR£575.

**(A)** Ar bhonn an eolais thuas, ullmhaigh:

(i) Cuntas Trádála Caintín agus (8)

(ii) Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dár críoch 30 Aibreán 2001. (18)

**(B)** (i) Ainmnigh agus luaigh an figiúr do

(a) **DHÁ** cheann de shócmhainní an Chlub agus

(b) **DHÁ** cheann dá fhiachais ar 30 Aibreán 2001. (8)

(ii) Ainmnigh an **TRIÚR** príomhoifigeach i gclub. (6)

**(40 marc)**

**THALL**

**6.** **Freagair GACH roinn. Ceist í seo faoi Theicneolaíocht Chumarsáid Eolais.**

Tá muintir Bhreatnaigh i mbun ghnó turasóirechta i gCloich na Coillte, Co. Chorcaí. Tá staidéar á dhéanamh ag a n-iníon, Áine, ar Ghnó san Ollscoil agus tá súil aici dul chuig an nGearmáin agus fostaíocht shamhraidh a fháil ann. Tá sí ag moladh dá tuismitheoirí ríomhaire nua a cheannach agus nascadh leis an Idirlíon, rud a mhaíonn sí a rachadh go mór chun tairbhe an ghnó. Níl cur amach ag muintir Áine ar na téarmaí a mbaintear úsáid astu sa TE.

**(A)** (i) Cad dó a seasann na litreacha TE thuas? (3)

(ii) Mínigh an difríocht idir na téarmaí **crua-earraí** agus **bogearraí.** (6)

(iii) Mínigh go hachomair feidhm dhiosca bhoig (3)

(iv) Cén fheidhm atá ag gléasanna aschuir ríomhaire?
Tabhair **DHÁ** shampla. (9)

**(B)** (i) Mínigh cad is brí leis an téarma Idirlíon. (3)

(ii) Cad a thugtar ar litir a sheoladh trí mheán ríomhaire? (3)

(iii) Liostáil **DHÁ** bhuntáiste a rachadh chun tairbhe ghnó Mhuintir Bhreatnaigh, dá nascfaí leis an Idirlíon iad. (6)

**(C)** Ghlac tuismitheoirí Áine lena comhairle, cheannaigh siad ríomhaire agus rinneadh iad a nascadh leis an Idirlíon.

Liostáil **TRÍ** chostas atá san áireamh in oibriú a gcórais nua taobh amuigh de chostas an ríomhaire féin. (7)

**(40 marc)**